

# Amharcóir Mapa – Amharcóir Pleanála Teanga

## Conas an t-amharcóir mapa a úsáid agus ceisteanna coitianta

### 1. Cén chaoi a n-oibríonn an t-amharcóir mapa?

Tá roinnt cnaipí ar an bpríomhbharra uirlisí i bhfeidhmchlár an amharcóra agus déantar cur síos sa tábla thíos ar a bhfeidhm agus ar a bhfeidhmiúlacht.

| Uirlis | Cur Síos |
|---|---|
|  | Is cnaipe eolais é seo a chuireann eolas achomair ar fáil ar Phleanáil Teanga agus ar na sonraí staidrimh atá i bhfeidhmchlár an amharcóra. |
|  | Taispeánann an uirlis seo eochair eolais i gcomhair sraith sonraí ar bith atá gníomhach agus atá seiceáilte agus infheicthe i bpríomhfhuinneog an mhapa. |
|  | Taispeánann uirlis an Liosta Sraitheanna an liosta de shraitheanna sonraí atá ar fáil agus ar féidir a thaispeáint i bpríomhfhuinneog an mhapa. Taispeántar sa phána ar an taobh sraitheanna sonraí an mhapa atá ar fáil nuair a chliceálann tú ar an uirlis seo. Is féidir sraitheanna aonair sonraí a chasadh air nó a mhúchadh trí tic a chur sa bhosca le taobh ainm na sraithe sa phána ar an taobh. Is féidir leat trédhearcacht na sraithe a athrú, nó sraitheanna a bhogadh suas/síos an liosta, trí chliceáil ar an trí phonc tar éis ainm na sraithe. |
|  | Ceadaíonn an uirlis leabharmhairc duit zúmáil isteach ar limistéar réamhshainithe. Tá leabharmhairc réamhshocraithe do na ceantair Ghaeltachta san amharcóir. Is féidir leat do chuid leabharmharc féin a chur leis maidir le ceantar ar bith a roghnaítear laistigh de phríomhfhuinneog an mhapa. |
|  | Is í seo uirlis ghailearaí an bhonnmhapa. Tugann sí deis duit an mapa bunúsach a athrú go roinnt roghanna sraithe de mhapaí na Suirbhéireachta Ordanáis agus de ghrianghraif ón aer. Is sraith mapa Gaeilge na Suirbhéireachta Ordanáis an mapa réamhshocraithe. |

## 2. Cén fhaisnéis atá ar fáil i sraitheanna sonraí an mhapa?

Le sraitheanna sonraí an phríomh-mhapa atá le feiceáil san amharcóir léirítear na sonraí staidrimh ó na daonáirimh náisiúnta in 2011 agus 2016. Cuirtear na sonraí staidrimh ar leibhéal úsáid na Gaeilge i láthair anseo i sraitheanna sonraí an mhapa de réir na Limistéir Pleanála Teanga, na Bailte Seirbhíse, agus na Líonraí Gaeilge.

Tá 6 shraith sonraí ann freisin a léiríonn suíomh agus rollú seirbhísí luathoideachais, bunscoileanna, agus iar-bhunscoileanna atá curtha ar fáil ag Pobal agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus is sonraí sealadacha iad don scoilbhliain 2016/2017.

Sula n-úsáidfidh tú an t-amharcóir mapa seo, is fiú duit eolas maith a chur ar Cheist 14 d'fhoirm an daonáirimh náisiúnta: [http://census.ie/ga/the-census-and-you/each-question-in-detail/](http://census.ie/ga/the-census-and-you/each-question-in-detail/).

Is iad na freagraí ar an tsraith ceisteanna Gaeilge seo sa daonáireamh a úsáideadh san amharcóir mapa seo. Déantar cur síos sa tábla thíos ar ábhar agus brí gach ceann de shraitheanna sonraí an mhapa atá taispeánta san amharcóir mapa Pleanála Teanga.


| Ainm na Sraithe | Cur Síos |
|---|---|
| **Seirbhísí luathoideachais 2017** | Suíomhanna na Seirbhísí luathoideachais mairceáilte mar phointe |
| **Seirbhísí luathoideachais 2017- Ceantair Phleanála Teanga** | Suíomhanna na Seirbhísí luathoideachais sna Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge mairceáilte mar phointe |
| **Bunscoil 2016/2017 - Ceantair Phleanála Teanga** | Suíomhanna na mBunscoileanna sna Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge mairceáilte mar phointe |
| **Bunscoil - Rollú don scoilbhliain 2016/2017** | Suíomhanna na mBunscoileanna mairceáilte de réir líon na ndaltaí ar an rolla |
| **Iar-bhunscoil 2016/2017 - Ceantair Phleanála Teanga** | Suíomhanna na hIarbhunscoileanna sna Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge mairceáilte mar phointe |
| **Iar-bhunscoil - Rollú don scoilbhliain 2016/2017** | Suíomhanna na hIarbhunscoileanna mairceáilte de réir líon na ndaltaí ar an rolla |
| **Bailte Seirbhíse Gaeltachta – Cainteoirí Laethúla 2016 (%)** | Figiúirí maidir le cumas agus úsáid na Gaeilge sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta, dathchódaithe de réir céatadán na gCainteoirí Laethúla 2016 |
| **Líonraí Gaeilge – Cainteoirí Laethúla 2016 (%)** | Figiúirí maidir le cumas agus úsáid na Gaeilge sna Líonraí Gaeilge, dathchódaithe de réir céatadán na gCainteoirí Laethúla 2016 |
| **Limistéir Phleanála – Cainteoirí Laethúla 2016 (%)** | Figiúirí maidir le cumas agus úsáid na Gaeilge sna Limistéir Pleanála Gaeltachta, dathchódaithe de réir céatadán na gCainteoirí Laethúla 2016 |
| | |

## 3. Conas is féidir liom na sraitheanna sonraí a úsáid?

Moltar an modh seo a leanas a úsaid le bogadh idir sraitheanna sonraí an mhapa agus eolas a fháil fúthu.


### 1. Cas air sraith sonraí an mhapa atá uait

Cliceáil an boiscín taobh le sraith sonraí an mhapa atá uait sa phána ar an taobh. Beidh sraith sonraí an mhapa le feiceáil anois i bpríomhfhuinneog an mhapa. (Moltar do dhaoine atá á úsáid den chéad uair an tic a bhaint de gach sraith seachas an ceann a bhfuil suim acu inti, mar atá le feiceáil sa seat den scáileán thíos. Ciallóidh sé seo nach mbeidh ach sraith amháin ghníomhach le feiceáil i bhfuinneog an mhapa.)





2. **Sraith sonraí ghníomhach an mhapa a cheistiú**

Níl le déanamh ach cliceáil ar an gceantar ábhartha i bpríomhfhuinneog an mhapa. Tiocfaidh fuinneoigín aníos agus beidh sonraí staidrimh ábhartha ón daonáireamh le feiceáil inti.





Tá eolas níos sonraí ar fáil ach cliceáil ar 'Tuilleadh eolais' nó 'Íoslódáil tábla le gach eolas' ag bun an bhfuinneoigín eolais.




Osclaíonn an nasc 'Tuilleadh eolais' fuinneog nua le briseadh síos níos sonraí ar an daonra de réir cumas agus minicíocht labhartha Gaeilge.



An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht

| Airíonna | Attributes | Daonáireamh 2016 | Daonáireamh 2011 |
|---|---|---|---|
| Limistéar/Baile/Líonra: | Cathair Chorcaí | | |
| Contae: | Corcaigh | | |
| Cainteoirí Laethúla | Daily Speakers | | |
| Cainteoirí Laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn | Daily Speakers of Irish outside the education system as percentage of population aged 3 years and over | 1.36 % | 1.49 % |
| Daonra | Population | | |
| Daonra Iomlán | Total Population | 208669 | 198582 |
| Daonra Iomlán 3 bliana d'aois agus os a chionn | Total Population aged 3 years and over | 201086 | 190674 |
| Daonra an Limistéir de réir cumas labhartha Gaeilge | Population of Area by ability to speak Irish | | |
| Líon na ndaoine le cumas labhartha Gaeilge | Number of people with ability to speak Irish | 82199 | 83910 |
| Líon na ndaoine gan cumas labhartha Gaeilge | Number of people without ability to speak Irish | 112690 | 102401 |
| Daonra an Limistéir de réir minicíocht labhartha Gaeilge | Population of Area by Irish speaking frequency | | |
| Labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais amháin | Speaks Irish daily outside education system only | 1888 | 2044 |
| Labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais | Speaks Irish daily within and daily outside education system | 839 | 799 |
| Labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh den chóras oideachais amháin | Speaks Irish daily within education system only | 21951 | 21556 |
| Labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus anois agus arís taobh amuigh den chóras oideachais | Speaks Irish daily within and occasionally outside the education system | 434 | 585 |
| Labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais amháin | Speaks Irish weekly outside education system only | 5000 | 5212 |
| Daonra an Limistéir de réir cumas labhartha Gaeilge | Population of Area by ability to speak Irish | | |
| Daoine le cumas labhartha Gaeilge mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn | People with ability to speak Irish as percentage of population 3 years of age and over | 40.88 % | 44.01 % |
| Daoine gan cumas labhartha Gaeilge mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn | People without ability to speak Irish as percentage of population 3 years of age and over | 56.04 % | 53.7 % |
| Daonra an Limistéir de réir minicíocht labhartha Gaeilge | Population of Area by Irish speaking frequency | | |
| Daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais amháin mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn | People who speak Irish daily outside education system only as percentage of population 3 years of age and over | 0.94 % | 1.07 % |

Is féidir sprébhilleog a íoslódáil a thugann briseadh síos iomlán ar dhaonra na Limistéir, Bailte Seirbhíse nó Líonraí de réir cumas agus minicíocht labhartha Gaeilge ach cliceáil ar 'Íoslódáil tábla le gach eolas'.




Ioslodail tabla le gach eolas - Limistear Pleanala Teanga Ghaeltachta [Protected View] - Microsoft Excel

| | A | B | C | D | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Irish Term | Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta | | Contae | |
| 2 | English Equivalent Term | Irish Language Planning Area | | County | |
| 3 | | | | | |
| 4 | Ainm Réimse/Field Name | Limistéar | Area | Contae | County |
| 5 | Irish Language Planning Areas | Cléire | Cape Clear | Contae Chorcaí | Cork |
| 6 | Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta | Múscraí | Muskerry | Contae Chorcaí | Cork |
| 7 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht | Tuaisceart Dhún na nGall | North Donegal | Contae Dhún na nGall | Donegal |
| 8 | | Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir | Gweedore, Rannafast, Annagary and Loughanure | Contae Dhún na nGall | Donegal |
| 9 | | Cloich Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaig | Clochaneely, Gortahork, Falcarragh and Magheraroarty | Contae Dhún na nGall | Donegal |
| 10 | | Na Rosa | The Rosses | Contae Dhún na nGall | Donegal |
| 11 | | Árainn Mhór | Arranmore | Contae Dhún na nGall | Donegal |
| 12 | | An Ghaeltacht Láir | Mid Region Gaeltacht | Contae Dhún na nGall | Donegal |
| 13 | Limistéir Pleanála Teanga mionathraithe agus faoi | Dún na nGall Theas | South Donegal | Contae Dhún na nGall | Donegal |
| 14 | cheadúnas Creative Commons ag an Roinn Cultúir, | Toraigh | Tory | Contae Dhún na nGall | Donegal |
| 15 | Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG). Fuarthas an faisnéis | Oileáin Árann | The Aran Islands | Contae na Gaillimhe | Galway |
| 16 | ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi) agus an Phríomh- | Ceantar na nOileán | The Islands Region | Contae na Gaillimhe | Galway |
| 17 | Oifig Staidrimh (CSO) trí Shuíomh Sonraí Oscailte | An Cheathrú Rua | Carraroe | Contae na Gaillimhe | Galway |
| 18 | Daonáirimh 2016 (http://census2016.geohive.ie). | Conamara Láir | Central Connemara | Contae na Gaillimhe | Galway |
| 19 | | Cois Fharraige | Cois Fharraige | Contae na Gaillimhe | Galway |
| 20 | | Maigh Cuilinn | Moycullen | Contae na Gaillimhe | Galway |
| 21 | | Bearna agus Cnoc na Cathrach | Barna and Knocknacarragh | Contae na Gaillimhe | Galway |
| 22 | | Oirthear Chathair na Gaillimhe | Galway City East | Contae na Gaillimhe | Galway |
| 23 | | An tEachréidh | An tEachréidh | Contae na Gaillimhe | Galway |
| 24 | | Ciarraí Thiar | West Kerry | Contae Chiarraí | Kerry |
| 25 | | Ciarraí Theas | South Kerry | Contae Chiarraí | Kerry |
| 26 | | Maigh Eo Thuaidh | North Mayo | Contae Mhaigh Eo | Mayo |
| 27 | | Maigh Eo Thiar | West Mayo | Contae Mhaigh Eo | Mayo |
| 28 | | Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh | Joyce Country and Tourmakeady | Contae na Gaillimhe | Galway |
| 29 | | Ráth Chairn agus Baile Ghib | Rathcarran and Gibstown | Contae na Mí | Meath |
| 30 | | Na Déise | Decies | Contae Phort Láirge | Waterfor |


Limistéar Pleanála Teanga

## 3. Eolas a fháil faoi scoileanna agus seirbhísí luathoideachais

Tá eolas curtha ar fáil ag Pobal agus an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le seirbhísí luathoideachais, bunscoileanna, agus iarbhunscoileanna.




Cuirtear eolas ar fáil maidir le rollú, teanga teagaisc agus éiteas na scoileanna, chomh maith le seoladh ríomhphoist na scoileanna agus nasc chuig suíomh idirlín na Roinne Oideachais.




## 4. Trédhearcacht sraithe a athrú chun an bonnmhapa a fheiceáil faoi.

Is féidir trédhearcacht aon sraith a athrú. Nuair a dhéantar sraith níos trédhearcaí, is féidir an bonnmhapa, agus ainmneacha na mbailte agus sráidbhailte a fheiceáil faoi.

Déantar trédhearcacht na sraitheanna a athrú mar seo a leanas:

1. Cliceáil ar an trí phonc in aice le hainm na sraithe.
2. Cliceáil ar 'Transparency' sa roghchlár anuas.
3. Bog an sleamhnán go dtí go bhfuil gnéithe tíreolaíocha an bonnmhapa le feiceáil.



## 4. Cén cineál bogearraí a úsáideadh agus cén fáth a bhfuil focail faoi leith ann i mBéarla?

Is iad ArcGIS Desktop (v. 10.3) agus ArcGIS Online na bogearraí a úsáideadh. Mar gheall gur úsáideadh feidhmchlár as an bpointe boise leis an amharcóir a chruthú tá píosaí áirithe den téacs cruachódaithe san fheidhmchlár agus ní féidir eagarthóireacht a dhéanamh orthu. D'fhéadfadh foinse na sonraí atá i gceist a bheith mar chúis don Bhéarla chomh maith.

## Naisc Úsáideacha

An Phríomhoifig Staidrimh (CSO): http://www.cso.ie/en/baile/

Uirlis Léarscáilithe Idirghníomhach (SAPMAP) http://census.cso.ie/sapmap/

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann: www.osi.ie

Logainm.ie: http://www.logainm.ie/ga/

**An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta**

**Eanáir 2018**